

# ELeathanach341

Dé Luain, 10 Feabhra 2020

## Ciara Ní É

Is bean óg fhaiseanta í Ciara Ní É. Is as Baile Átha Cliath í. Is Gaeilgeoir, craoltóir, scríbhneoir agus file í. Tá a cuid filíochta léite aici i Nua-Eabhrac, i Londain, sa tSualainn, sa Bhruiséil agus timpeall na hÉireann.

Is breá le daoine óga a cuid dánta. Scríobh sí dán darb ainm 'Phenomenal Women' agus d'fhéach breis agus 300,000 duine ar an bhfíseán den dán.



## Gaeilge i Meiriceá

Is múinteoir bunscoile í Deirdre Ní Mhurchú. Tá sí ar an gcúrsa Fulbright mar mhúinteoir teanga. Tá sí ag múineadh Gaeilge in Ollscoil Gonzaga. Tá Ollscoil Gonzaga in Spokane, Stát Washington ar an gcósta thiar.

Seo grianghraf dá rang agus teachtaireacht ó na scoláirí Gaeilge. "Dia daoibh ó Mheiriceá. Is rang Gaeilge in Ollscoil Gonzaga muid. Is as Spokane, California agus Wyoming muid. Táimid idir 18-21 bliain d'aois. Tá Gonzaga an-mhaith ag imirt cispheile. Is breá linn an Ghaeilge. ZAGS ABÚ!"



## Craobh na Sé Náisiún i Rugbaí na mBan

Ar an dara lá de mhí Feabhra bhí foireann rugbaí na hÉireann ag imirt i gcoinne na hAlban i bPáirc Energia i mBaile Átha Cliath. Bhí bua thar cionn ag na mná. An scór a bhí ann sa deireadh ná 18-14.

Bhuaigh na mná arís Dé Domhnaigh seo caite. D'imir Éire agus an Bhreatain Bheag i gcoinne a chéile. Bhí an bua ag foireann rugbaí na hÉireann. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Éire 31 - An Bhreatain Bheag: 12. Na mná abú!

## Lá Fhéile Vailintín

Is féile bhliantúil í Lá Fhéile Vailintín a bhíonn ar siúl gach 14 Feabhra. Baineann Lá Fhéile Vailintín le cúrsaí grá.

Is minic a sheolann daoine cártaí Vailintín chuig a chéile ar an lá. Chomh maith leis sin, tugann siad bláthanna nó bronntanais bheaga dá chéile.

Tá an fhéile ainmnithe tar éis fear darb ainm Vailintín. Ba shagart é ón Róimh san Iodáil. Thosaigh an fhéile sa bhliain 496 AD.

Bainigí go léir sult as Lá Fhéile Vailintín!

